



Athbhreithniú Eagraíochta ar an mBord Pleanála Grúpa Feidhmiúcháin Téarmaí tagartha agus an plean feidhmiúcháin

Cúlra

In Iúil 2015, cheap an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil grúpa seachtrach neamhspleách athbhreithnithe chun athbhreithniú eagraíochta a dhéanamh ar an mBord Pleanála. Iarradh ar an ngrúpa tuarascáil a ullmhú agus moltaí a dhéanamh a thacódh le hoibriú an Bhoird agus é i mbun oibríochtaí, ar mhaithe le cinntiú go bhfuil sé ullamh agus oiriúnach dá fheidhm ó thaobh na heagraíochta de chun a shainordú reachtach a chomhlíonadh. Foilsíodh Tuarascáil an Ghrúpa Neamhspleách Athbhreithnithe an 14 Márta 2016.

Gheofar tuilleadh sonraí i dtaobh an athbhreithnithe, lena n-áirítear baill an ghrúpa athbhreithnithe, a dtéarmaí tagartha agus an tuarascáil féin ar shuíomh gréasáin na Roinne ag <http://www.housing.gov.ie/planning/bord-plean%C3%A1la/review/bord-plean%C3%A1la-review>.

Athbhreithniú Eagraíochta ar an mBord Pleanála

Admhaítear i dTuarascáil an Athbhreithnithe a bhfuil bainte amach ag an mBord Pleanála ó bunaíodh é agus luadh an t-ardleibhéal muiníne sa Bhord a cothaíodh sa phobal agus in institiúidí eile sa tréimhse sin. Chun cur le cuntas teiste an Bhoird agus lena oiriúnacht chun feidhme a chinntiú i dtimpeallacht oibriúcháin atá ag athrú agus ag éirí níos casta i gcónaí, gheofar 101 mholadh sa tuarascáil i raon leathan topaicí, maidir le:

- reachtaíocht pleanála a shimpliú
- socruithe níos oscailte a dhéanamh do chomhaltacht an Bhoird
- feabhsúcháin a dhéanamh ar phróisis, ar chórais agus ar chleachtais an Bhoird
- feabhsúcháin a dhéanamh ar struchtúr agus ar fhoireann na heagraíochta
- athruithe a dhéanamh ar chreataí ama na gcuspóirí reachtúla agus ar ghnéithe den phróiseas Forbartha Bonneagair Straitéisigh.

Cuspóir

Tar éis fhoilsiú Thuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe, d'athbhreithnigh an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus an Bord Pleanála an tuarascáil agus rinne siad machnamh ar an tuarascáil agus ar a moltaí. Gealladh i mBeart 3.8 d'Éire á Atógáil – Plean Gníomhaíochta don Tithíocht agus Do Dhaoine Gan Dídean plean feidhmiúcháin a cheapadh agus a fhoilsiú, ina dtabharfaí tús áite do chur i bhfeidhm príomh-mholtaí na tuarascála.

Bunaíodh grúpa feidhmiúcháin chuige seo agus is iad a bpríomhthascanna ná:

- Maoirseacht a dhéanamh ar an mbreithniú ar mholtaí na Tuarascála Athbhreithnithe.
- Plean Feidhmiúcháin a cheapadh agus a fhoilsiú chun na príomh-mholtaí aontaithe a chur chun feidhme.
- Tuarascálacha Eatramhacha agus Deiridh a ullmhú don Aire maidir le feidhmiú an Phlean seo.

Comhaltacht

Áirítear ar chomhaltaí an Ghrúpa Feidhmiúcháin oifigigh ón Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus an Bord Pleanála, mar seo a leanas:

An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Terry Sheridan, Príomhoifigeach, Beartas Pleanála (Comhchathaoirleach)

Niall Cussen, Príomh-Chomhairleoir, Pleanáil ar Aghaidh
Niamh Drew, Leas-Phríomhoifigeach, Beartas Pleanála
Brendan Buggy, Ardoifigeach Feidhmiúcháin, Beartas Pleanála (Rúnaí)

ABP

Loretta Lambkin, Príomhoifigeach (Comhchathaoirleach)
Rachel Kenny, Stiúrthóir Pleanála
Gerard Egan, Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha

Tuairisceoidh an Grúpa Feidhmiúcháin do Dave Walsh, Rúnaí Cúnta, Beartas Pleanála agus Margadh Tithíochta agus Rannán Bainistíochta Talún, an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus an Bord Pleanála, agus don Dr. Mary Kelly, Cathaoirleach an Bhoird Phleanála. Eiseoidh an Grúpa Feidhmiúcháin dréacht-tuarascálacha ar dhul chun cinn don Rúnaí Cúnta agus don Chathaoirleach lena gcur ar aghaidh chuig an Aire.

Meastar go bhféadfadh go dteastódh ón nGrúpa Feidhmiúcháin leas a bhaint as taitní nó saineolas oifigigh eile de chuid na Roinne, an Bhoird nó eagraíochtaí eile, ar nós na hearnála údaráis áitiúil, a mbeadh a rannpháirtíocht nó a saineolas ina bhuntáiste i dtaca le gnéithe den Athbhreithniú. Is féidir go mbunófaí grúpaí oibre as sin, ina mbeadh oifigigh den Bhord agus den Roinn chun gnéithe de mholtaí na Tuarascála Athbhreithnithe a bhreithniú.

Beidh baill na Roinne agus an Bhoird den Ghrúpa freagrach as na socruithe tuairiscithe agus rialachais a bhainistiú laistigh dá n-eagraíochtaí féin chomh maith le dul i gcomhairle leis an bhfoireann lena mbaineann, nuair is gá.

Struchtúr/Leagan amach/Cruinnithe

Meastar go dtabharfaidh an Grúpa Feidhmiúcháin a chuid oibre chun críche roimh Mheitheamh 2017 agus faoin am sin go mbeidh forbairt iomlán tagtha ar an modheolaíocht atá leagtha sa Phlean Feidhmiúcháin ceaptha agus beidh

príomhstruchtúir nó príomh-mheicníochtaí do chomhlíonadh an Phlean curtha i bhfeidhm. Meastar, leis, go mbeidh cruinnithe ag an nGrúpa Feidhmiúcháin idir gach ceithre seachtaine agus gach sé seachtaine chun maoirseacht a dhéanamh ar bhreithniú na bpríomh-mholtaí sa Tuarascáil Athbhreithnithe.

Féadfaidh an Grúpa Feidhmiúcháin tascanna a shannadh do Ghrúpaí Oibre ainmnithe chun breithniú a dhéanamh ar mholtaí/téamaí éagsúla agus iad a thuairisciú don Ghrúpa.

Tar éis a chuid oibre a thabhairt chun críche i Meitheamh 2017, ullmhóidh an Grúpa Feidhmiúcháin tuarascáil le cur ar aghaidh chuig an Aire, mar aon le dhá cheann de Thuarascálacha Eatramhacha ar Dhul Chun Cinn, a eiseofar i bhFeabhra 2017 agus i mBealtaine 2017.

Spríocanna an Ghrúpa Feidhmiúcháin:

1. Téarmaí Tagartha agus Plean Feidhme le foilsiú (Samhain 2017).
2. Tuarascálacha Eatramhacha ar Dhul Chun Cinn (Feabhra 2017 agus Bealtaine 2017).
3. Tuarascáil Deiridh ar an bPlean Feidhmiúcháin mar gheall ar Sheachadadh (Mheitheamh 2017).
4. Iar-2017 – Déanfar dul chun cinn ar an bhfeidhmiú a thuairisciú ar aon dul leis na spríoc-amanna tuairiscithe sa Phlean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine.

Cur i bhfeidhm an Phlean Feidhmiúcháin

Is é an cur chuige a ghlacfaidh an Grúpa Feidhmiúcháin i leith ullmhú an Phlean Feidhmiúcháin breithniú a dhéanamh ar phríomh-mholtaí na Tuarascála Athbhreithnithe faoi roinnt téamaí i bpáirt, ar nós:

- Reachtaíocht
- Cumarsáid/Rannpháirtíocht Geallsealbhóirí

- Ról an Bhoird/Rialachas/Coinní
- Gnóthaí Eagraíochtúla
- Gnóthaí Eagraíochtúla (TFC san áireamh)

Mar chuid den fhorbairt an Phlean Feidhmiúcháin beidh soiléiriú ar cheisteanna a tarraingíodh anuas sa Tuarascáil Athbhreithnithe, aibhseofar moltaí a réitíodh agus aithneofar agáí (gearr/meán/fadtéarmacha) a mbreithneofar na téamaí lena linn.

Áireofar air sin clár do chur chun feidhme na bpríomh-mholtaí, tar éis don Ghrúpa Feidhmiúcháin iad a bhreithniú agus a aontú, mar aon le gearrchuntas ar an tslí ina gcuirfear chun feidhme iad.

Grúpa Feidhmiúcháin

An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus An Bord Pleanála
Samhain, 2016.